Measúnú múnlaitheach ar scileanna litrithe

Leabhrán an Mhúinteora

Is leagan trialach/leagan béite é an leagan seo den mheasúnú múnlaitheach, níl tástáil fhorleathan déanta air i scoileanna go fóill. Mar sin, cuirtear an-fháilte roimh aiseolas (ebarnes@tcd.ie), go háirithe má tá moltaí agat nó eolas le roinnt faoi na cineálacha earráidí a dhéantar go minic nó faoi leibhéal deacrachta an mheasúnaithe.

Sprioc an mheasúnaithe

- Is **measúnú múnlaitheach** é an measúnú seo. Is é an sprioc atá leis an measúnú seo ná eolas a bhailiú ar scileanna litrithe daltaí, agus anailís a dhéanamh ar aon earráidí le gur féidir tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil don litriú. **Ní measúnú diagnóiseach é an measúnú seo**. Mar sin, níor cheart na scóir a úsáid le lipéad ar bith a chur ar pháiste.
- Tá an **measúnú seo dírithe go mórmhór ar an tacaíocht chuí** a chur ar fáil do gach dalta. Bíonn scileanna éagsúla i gceist leis an litriú (e.g. idirdhealú idir fuaimeanna, rialacha fónaice a fhoghlaim agus a úsáid, idirdhealú idir rialacha fónaice na Gaeilge agus rialacha fónaice an Bhéarla). Sa mheasúnú seo, déantar anailís ar na cineálacha earráidí atá déanta ag an dalta, agus cuirtear samplaí ar fáil de ghníomhaíochtaí agus cleachtaí a bheadh oiriúnach le cumais ar leith (e.g. cumas fóineolaíochta/cumas ortagrafaíochta) a fhorbairt.
- Is **measúnú dátheangach** é seo. Ós rud é go gcuireann scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta tús le teagasc litearthacht an Bhéarla ag pointí éagsúla, tá treoir ar *Leathanach 3* mar gheall ar úsáid na dtrialacha Béarla.

Céimeanna: cur i bhfeidhm an mheasúnaithe seo

	Céim	Ábhar atá ag teastáil
1	An t-ábhar ar fad a phriontáil agus a léamh	• Leabhrán an mhúinteora • Bileoga an Dalta • Treoir don mhúinteoir maidir le Próifíl an Dalta • Próifíl an Dalta
2	An measúnú a dhéanamh sa rang	• Leabhrán an mhúinteora • Bileoga an Dalta
3	Na trialacha a mharcáil	• Bileoga an Dalta
4	Scóir na ndaltaí a líonadh isteach i bPróifíl an Dalta agus ar an gComhad Excel	• Bileoga an Dalta • Próifíl an Dalta • Comhad Excel
5	Anailís a dhéanamh ar earráidí litrithe daltaí atá faoi bhun mheán an ranga agus plean tacaíochta a dhearadh	• Bileoga an Dalta • Próifíl an Dalta • Treoir don mhúinteoir maidir le Próifíl an Dalta

Ábhar ag gabháil leis an measúnú seo

1. Leabhrán an mhúinteora: tá cur síos ar an measúnú sa leabhrán seo, chomh maith le treoracha dá chur i bhfeidhm.

2. Bileoga an Dalta: scríobhann na daltaí a gcuid freagraí ar na bileoga seo.

3A. Treoir don mhúinteoir maidir le Próifíl an Dalta: déantar cur síos ar chineálacha éagsúla earráidí agus ar ghníomhaíochtaí éifeachtacha le tacaíocht a chur ar fáil sa treoir seo.

3B. Próifíl an Dalta: coinnítear taifead ar mharcanna an dalta agus déantar plean tacaíochta a fhorbairt sa doiciméad seo. Tá leagan samplach (líonta isteach) ar fáil chomh maith mar acmhainn tagartha.

4. Comhad Excel: líontar isteach scóir na ndaltaí sa chomhad seo agus déanfar scóir atá faoi bhun mheán an ranga a aibhsiú go huathoibríoch.

Cur síos ar an measúnú

Cé na trialacha atá sa mheasúnú seo?

Tá trí thriail éagsúla ar fáil mar chuid den mheasúnú seo, i nGaeilge agus i mBéarla.

Triail	Cén cineál focal atá sa triail seo?	Cad í an phríomhscil atá á tástáil sa triail seo?
1. Focail rialta	Is focail choitianta iad seo a bhfuil patrúin rialta litrithe iontu.	**Scileanna fóineolaíochta agus fónaice nó an scil focail a scríobh atá sa chuimhne fhadtéarmach**: toisc gur focail choitianta, rialta iad seo, d'fhéadfadh an dalta úsáid a bhaint as scileanna fónaice nó iad a scríobh ón gcuimhne.
2. Amharcfhocail	• Is focail ardmhinicíochta iad • Tá cuid acu neamhrialta ó thaobh an litrithe de. • Is feidhmfhocail iad.	**An scil focail sa chuimhne a scríobh:** toisc nach gcloíonn na focail seo go léir leis an rialacha fónaice, bíonn ar an dalta an focal a scríobh ón gcuimhne.
3. Bréagfhocail	• Is focail iad seo a cumadh don mheasúnú seo, ní fíorfhocail iad. • Tá siad bunaithe – den chuid is mó – ar na patrúin choitianta litrithe atá ann in	**Scileanna fóineolaíochta agus fónaice**: ní mór úsáid a bhaint as an bhfeasacht fóineolaíochta agus as rialacha litrithe leis na focail seo a litriú, ní féidir brath ar an gcuimhne.

	Triail 1 – Focail rialta.	

Cén fhad a thógann na trialacha seo?

Toisc nach bhfuil go leor tástála déanta ar an measúnú seo sa seomra ranga go fóill, ní féidir a bheith cinnte faoi fhad na dtrialacha seo. Síltear go dtógfadh sé 15 nóiméad triail litrithe amháin a chur i bhfeidhm sa rang.

Triail	**Cuid**	**Cén fhad?**	**Leathanach**	
			Gaeilge	**Béarla**
1. Focail rialta	Treoracha & Míreanna cleachtaidh	5 nóiméad	5	11
	An triail féin	10 nóiméad		
2. Amharcfhocail	Treoracha & Míreanna cleachtaidh	5 nóiméad	7	13
	An triail féin	10 nóiméad		
3. Bréagfhocail	Treoracha & Míreanna cleachtaidh	5 nóiméad	9	15
	An triail féin	10 nóiméad		

Cathain a dhéantar an measúnú seo?

- Is féidir an measúnú seo a dhéanamh **tar éis bhriseadh na Cásca sna Naíonáin shinsearacha nó roimh bhriseadh Oíche Shamhna i Rang a hAon**. Is ag brath ar thuairim an mhúinteora an rogha seo – ba cheart go mbeadh taithí mhaith ag an rang ar fhocail shimplí aonsiollacha a litriú sula dtugann siad faoin measúnú seo.

- Molaimid go ndéanfar na trialacha Gaeilge in aon lá amháin le briseadh idir gach triail. Má shíleann an múinteoir go mbeadh sé níos oiriúnaí dá rangsa na trialacha a dhéanamh thar tréimhse níos faide ama, áfach, is féidir sin a dhéanamh.

- Molaimid go ndéanfar na trialacha Béarla in aon lá amháin le briseadh idir gach triail. Má shíleann an múinteoir go mbeadh sé níos oiriúnaí dá rangsa na trialacha a dhéanamh thar thréimhse níos faide ama, áfach, is féidir sin a dhéanamh. Molaimid chomh maith go bhfágfaí briseadh seachtaine idir na trialacha Gaeilge agus na trialacha Béarla.

- **Maidir leis na trialacha Béarla**: is minic a bhíonn go leor teagmhála ag daltaí leis an mBéarla taobh amuigh den scoil, agus moltar na trialacha Béarla a dhéanamh leis na daltaí le pictiúr níos iomláine a fháil ar a gcuid scileanna. Níor cheart, áfach, scóir an dalta sna trialacha Béarla a chur i gcomparáid le scóir an dalta sna trialacha Gaeilge muna bhfuil go leor ama caite acu ar litearthacht an Bhéarla (mar threoir, breis is bliain amháin).

Treoracha ginearálta

- **Nóta faoi chanúintí**: má tá focail sna treoracha nó sna habairtí atá mar chuid de na trialacha nach luíonn le canúint na ndaltaí, is féidir iad a chur in oiriúint don chanúint (e.g. *féach ar an mbosca* a athrú go *amharc ar an bhosca,* etc.)

☆ **Tá mír chleachtaidh amháin ag baint le gach tasc**. Is í an chéad mhír í i ngach tasc, agus níor cheart an mhír sin a chur san áireamh sa mharcáil.

- Maidir le treoracha a thabhairt do na daltaí, **níor cheart gach abairt a léamh ach uair amháin.**
- Nuair a bheidh an spriocfhocal/an focal atá le litriú á léamh amach agat, **abair amach mar fhocal iomlán é**, (e.g. dog), ná bris an focal síos ina bhfóinéimí (e.g. d-o-g).
- Ar mhaithe le bailíocht na scór**, níor cheart go mbeadh daltaí in ann obair aon dalta eile a fheiceáil.**
- Is féidir leis na daltaí a bheith ag caint le linn na míreanna cleachtaidh (le ceist a chur, mar shampla), ach **níor cheart go mbeadh na daltaí ag caint lena chéile le linn na trialach féin.**
- Níl teorainn ama an-docht leis na trialacha seo, braitheann an méid ama a bheidh ag teastáil ar an rang, ach **molaimid gan breis is 15 nóiméad a chaitheamh ar aon triail amháin.**
- Má dhéanann na daltaí botún, **is féidir leo líne a chur tríd agus tosú ón nua.**
- **Má tá póstaeir ar an mballa, molaimid iad a chlúdach** má tá focail ar na póstaeir atá sna trialacha seo (e.g. dathanna, ainmhithe, réamhfhocail, aimsir).

Triail 1 Focail rialta (Gaeilge)

1. Tabhair cóip den bhileog dar teideal **Bileog an Dalta: Triail 1 – Focal Rialta (Gaeilge)** do gach dalta.

2. Abair an méid seo a leanas leis na daltaí: "**Tá bileog agaibh os bhur gcomhair. Iarrfaidh mé oraibh roinnt focal a scríobh ar an mbileog sin anois."**

3. Abair an méid seo a leanas leis na daltaí: **"Féach ar an mbosca in aice leis an réalt agus scríobh síos an focal cat…tá an cat ina chodladh…cat".**

4. Féach ar bhileoga na ndaltaí le cinntiú go dtuigeann gach dalta cad atá le déanamh acu.

5. Ansin, scríobh an freagra – cat – ar an gclár bán agus freagair aon cheist a bheidh ag na daltaí.

6. Ansin, abair an méid seo a leanas (tabhair thart ar nóiméad do na daltaí an focal a scríobh síos sula rachaidh tú ar aghaidh go dtí an chéad abairt eile).

- **"Féach ar bhosca uimhir a haon agus scríobh síos an focal bán…tá hata bán agam…bán."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a dó agus scríobh síos an focal te…tá sé te inniu…te."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a trí agus scríobh síos an focal sin…is maith liom an cóta sin…sin."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a ceathair agus scríobh síos an focal rón…is ainmhí é an rón…rón."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a cúig agus scríobh síos an focal tú…tá tú an-chliste…tú."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a sé agus scríobh síos an focal buí…tá mála buí agam…buí."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a seacht agus scríobh síos an focal cead…tá cead agam dul ar an turas…cead."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a hocht agus scríobh síos an focal léim…léim mé thar an ngeata…léim."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a naoi agus scríobh síos an focal gorm…tá cupán gorm agam…gorm."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a deich agus scríobh síos an focal dubh…tá rothar dubh agam…dubh."**

Tá achoimre ar na focail sa triail seo thíos:

Bosca	Focal	An focal i gcomhthéacs
☆	**cat**	Tá an **cat** ina chodladh
1	**bán**	Tá hata **bán** agam
2	**te**	Tá sé **te** inniu
3	**sin**	Is maith liom an cóta **sin**
4	**rón**	Is ainmhí é an **rón**
5	**tú**	Tá **tú** an-chliste
6	**buí**	Tá mála **buí** agam
7	**cead**	Tá **cead** agam dul ar an turas
8	**léim**	**Léim** mé thar an ngeata
9	**gorm**	Tá cupán **gorm** agam
10	**dubh**	Tá rothar **dubh** agam.

Triail 2 Amharcfhocail (Gaeilge)

1. Tabhair cóip den bhileog dar teideal **Bileog an Dalta: Triail 2 – Amharcfhocail (Gaeilge)** do gach dalta.

2. Abair an méid seo a leanas leis na daltaí: "**Tá bileog agaibh os bhur gcomhair. Iarrfaidh mé oraibh roinnt focal a scríobh ar an mbileog sin anois."**

3. Abair an méid seo a leanas leis na daltaí: **"Féach ar an mbosca in aice leis an réalt agus scríobh síos an focal tá…tá sé fliuch inniu…tá."**

4. Féach ar bhileoga na ndaltaí le cinntiú go dtuigeann gach dalta cad atá le déanamh acu.

5. Ansin, scríobh an freagra – tá – ar an gclár bán agus freagair aon cheist a bheidh ag na daltaí.

6. Ansin, abair an méid seo a leanas (tabhair thart ar nóiméad do na daltaí an focal a scríobh síos sula rachaidh tú ar aghaidh go dtí an chéad abair eile).

- **"Féach ar bhosca uimhir a haon agus scríobh síos an focal ach…bhí mé tinn ach tá mé go breá anois…ach."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a dó agus scríobh síos an focal na…tá na bláthanna ag fás…na."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a trí agus scríobh síos an focal ann…bhí mé ann inné…ann."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a ceathair agus scríobh síos an focal ag…tá mála gorm ag Róisín…ag."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a cúig agus scríobh síos an focal is…is múinteoir é…is."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a sé agus scríobh síos an focal aon…níl aon duine anseo…aon."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a seacht agus scríobh síos an focal léi…thus sí a cóta léi…léi."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a hocht agus scríobh síos an focal arsa…Tá ocras orm, arsa Seán…arsa."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a naoi agus scríobh síos an focal leis…thug sé a leabhar leis…leis."**
- **"Féach ar bhosca uimhir a deich agus scríobh síos an focal agus…tá hata agus scairf agam…agus."**

Tá achoimre ar na focail sa triail seo thíos:

Bosc	Focal	An focal i gcomhthéacs
☆	**tá**	**Tá sé fliuch inniu**
1	**ach**	Bhí mé tinn **ach** tá mé go breá anois
2	**na**	Tá **na** bláthanna ag fás
3	**ann**	Bhí mé **ann** inné
4	**ag**	Tá mála gorm **ag** Róisín
5	**is**	**Is** múinteoir é
6	**aon**	Níl **aon** duine anseo inniu
7	**léi**	Thug sí a cóta **léi**
8	**arsa**	"Tá ocras orm anois", **arsa** Seán
9	**leis**	Thug sé a leabhar **leis**
10	**agus**	Tá hata **agus** scairf agam

Triail 3 Bréagfhocail & focail neamhchoitianta(Gaeilge)

1. Tabhair cóip den bhileog dar teideal **Bileog an Dalta: Triail 3 – Bréagfhocail (Gaeilge)** do gach dalta.
2. Abair leis na daltaí go bhfuil ainm aisteach ar na hainmhithe seo ar fad, ainm nach mbeidh cloiste acu riamh. Beidh orthu éisteacht go géar agus a ndícheall a dhéanamh na hainmneacha a scríobh síos.
3. Ansin, abair an méid seo a leanas leis na daltaí: **"Féach ar an mbosca in aice leis an madra agus scríobh isteach a ainm. An t-ainm atá ar an madra seo ná Fó…Fó."**
4. Ansin, scríobh an freagra – fú – ar an gclár bán agus freagair aon cheist a bheidh ag na daltaí.
5. Ansin, abair an méid seo a leanas (tabhair thart ar nóiméad do na daltaí an focal a scríobh síos sula rachaidh tú ar aghaidh go dtí an chéad abair eile).

   "Féach ar an mbosca in aice leis an iasc agus scríobh isteach a ainm. An t-ainm atá ar an iasc seo ná Sán…Sán."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an mbéar agus scríobh isteach a ainm. An t-ainm atá ar an mbéar seo ná Lud…Lud."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an eilifint agus scríobh isteach a hainm. An t-ainm atá ar an eilifint seo ná Cin…Cin."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an mbó agus scríobh isteach a hainm. An t-ainm atá ar an mbó seo ná Fubh…Fubh."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an moncaí agus scríobh isteach a ainm. An t-ainm atá ar an moncaí seo ná Pón…Pón."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an éan agus scríobh isteach a ainm. An t-ainm atá ar an éan seo ná Rú…Rú."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an leon agus scríobh isteach a ainm. An t-ainm atá ar an leon seo ná Puí…Puí."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an luch agus scríobh isteach a hainm. An t-ainm atá ar an luch seo ná Seap…Seap."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an gcapall agus scríobh isteach a ainm. An t-ainm atá ar an gcapall seo ná Pág…Pág."

   "Féach ar an mbosca in aice leis an tíogar agus scríobh isteach a ainm. An t-ainm atá ar an tíogar seo ná Borm…Borm."

Tá achoimre ar na focail sa triail seo thíos:

Bosca	An bréagfhocal	An bréagfhocal i gcomhthéacs
☆	**Fú**	An t-ainm atá ar an madra seo ná **Fó.**
1	**Sán**	An t-ainm atá ar an iasc seo ná **Sán**
2	**Lud**	An t-ainm atá ar an mbéar seo ná **Lud**
3	**Cin**	An t-ainm atá ar an eilifint seo ná **Cin**
4	**Fubh**	An t-ainm atá ar an mbó seo ná **Fubh**
5	**Pón**	An t-ainm atá ar an moncaí seo ná **Pón**
6	**Rú**	An t-ainm atá ar an éan seo ná **Rú**
7	**Puí**	An t-ainm atá ar an leon seo ná **Puí**
8	**Sead**	An t-ainm atá ar an luch seo ná **Seap**
9	**Gág**	An t-ainm atá ar an gcapall seo ná **Pág**
10	**Borm**	An t-ainm atá ar an tíogar seo ná **Borm**

Task 1 Regular Words (English)

1. Give a copy of the **Student's Handout: Task 1 – Regular Words (English)** to each student.

2. Say the following to the students: **"Everyone has a page in front of them. I'll ask you to write some words on that page now."**

3. Then say the following to the students: **"Look at the box beside the star and write down the word dog…the dog is sleeping…dog."**

4. Look at the students' handouts to ensure they understand the task.

5. Then, write the answer – dog – on the board and answer any questions the students may have.

6. Then, say the following to the students (give the students about a minute to write the word down before moving on to the next sentence).

   "Look at box 1 and write down the word ham…he likes ham sandwiches…ham."

   "Look at box 2 and write down the word pet…I have a pet hamster…pet."

   "Look at box 3 and write down the word win…I would like to win a prize…win."

   "Look at box 4 and write down the word top…I have a blue top…blue."

   "Look at box 5 and write down the word bug…There's a bug on the tree…bug."

   "Look at box 6 and write down the word see…I see a plane…see."

   "Look at box 7 and write down the word hand…My hand is sore…hand."

   "Look at box 8 and write down the word ball…Please give me the ball…ball."

   "Look at box 9 and write down the word fox…I saw a fox last night…fox."

Below is a summary of the words in this task:

Bosca	Focal	An focal i gcomhthéacs
☆	**dog**	The **dog** is sleeping
1	**ham**	He likes **ham** sandwiches
2	**pet**	I have a **pet** hamster
3	**win**	I would like to **win** a prize
4	**top**	I have a blue **top**
5	**bug**	There's a **bug** on the tree
6	**see**	I **see** a plane
7	**room**	There's a desk in that **room**
8	**hand**	My **hand** is sore
9	**ball**	Please give me the **ball**
10	**fox**	I saw a **fox** last night

Task 2 Sight words (English)

1. Give a copy of the **Student's Handout: Task 2 – Sight Words (English)** to each student.

2. Say the following to the students: **"Everyone has a page in front of them. I'll ask you to write some words on that page now."**

3. Then say the following to the students: **"Look at the box beside the star and write down the word for….I had pizza for dinner…for."**

4. Look at the students' handouts to ensure they understand the task.

5. Then, write the answer – for – on the board and answer any questions the students may have.

6. Then, say the following to the students (give the students about a minute to write the word down before moving on to the next sentence).

   "Look at box 1 and write down the word the…I ate the chocolate…the."

   "Look at box 2 and write down the word to…I walk to school each day…to."

   "Look at box 3 and write down the word you…You are very nice…you."

   "Look at box 4 and write down the word of…Have a piece of cake…of."

   "Look at box 5 and write down the word is…Today is Tuesday…is."

   "Look at box 6 and write down the word was…I was asleep asleep last night…was."

   "Look at box 7 and write down the word are…We are at school…are".

   "Look at box 8 and write down the word have…I have a green coat…have."

"Look at box 9 and write down the word here…I was here before…here."

"Look at box 10 and write down the word said…Seán said he was tired…said."

Below is a summary of the words in this task:

Bosca	Focal	An focal i gcomhthéacs
☆	**for**	I had pizza **for** dinner
1	**the**	I ate **the** chocolate
2	**to**	I walk **to** school each day
3	**you**	**You** are very nice
4	**of**	Have a piece **of** cake
5	**is**	Today **is** Tuesday
6	**was**	I **was** asleep last night
7	**are**	We **are** at school
8	**have**	I **have** a green coat
9	**here**	I was **here** before
10	**said**	Seán **said** he was tired.

Task 3 Psueodwords (English)

1. Give a copy of the **Student Handout – Task 3 Pseudowords (English)** to each student.

2. Tell the students that all of the animals on their handout have a funny name they won't have heard before. They will have to listen really carefully and do their best to write them down.

3. Then, say the following to the students: **"Look at the box below the dog, and write in his name. The name of the dog is Gup….Gup."**

4. **Note:** Do not break the word down into phonemes (e.g. g-u-p), say it as a whole word.

5. Then, write the answer – Gup – on the board and answer any questions the students may have.

6. Then, say the following to the students (give the students about a minute to write the word down before moving on to the next sentence).

   "Look at the box below the fish and write in his name. The name of the fish is Gam…Gam."

   "Look at the box below the bear and write in her name. The name of the bear is Fet…Fet."

   "Look at the box below the elephant and write in his name. The name of the elephant is Vin…Vin."

   "Look at the box below the cow and write in her name. The name of the cow is Mip…Mip."

   "Look at the box below the monkey and write in his name. The name of the monkey is Tup…Tup."

   "Look at the box below the bird and write in her name. The name of the bird is Yug…Yug."

   "Look at the box below the líon and write in his name. The name of the líon is Seg…Seg."

   "Look at the box below the mouse and write in her name. The name of the mouse is Joom…Joom."

   "Look at the box below the horse and write in his name. The name of the horse is Pand…Pand."

"Look at the box below the tiger and write in her name. The name of the tiger is Rall…Rall."

Below is a summary of the words in this task:

Box	Pseudoword	The pseudoword in context
☆	**Gup**	The name of this dog **is Gup**
1	**Gam**	The name of this fish is **Gam**
2	**Fet**	The name of this bear is **Fet**
3	**Vin**	The name of this elephant is **Vin**
4	**Mip**	The name of this cow is **Mip**
5	**Tup**	The name of this monkey is **Tup**
6	**Yug**	The name of this bird is **Yug**
7	**Seg**	The name of this lion is **Seg**
8	**Joom**	The name of this mouse is **Joom**
9	**Pand**	The name of this horse is **Pand**
10	**Rall**	The name of this tiger is **Rall**